

Réidh nó a mhalairt? Rólimirt i dtaobh gaschealla a thabhairt chuig an chlinic

Nótaí Mioncheistithe don Éascaitheoir

Ní raibh le cinneadh againn inniu ar chóir dúinn taighde a dhéanamh ar ghaschealla suthacha nó nár chóir, ach an bhfuil obair chúlra agus fianaise go leor ann chun an triail chliniciúil seo a cheadú. Sílim gur rinne sibh go maith mar is amhlaidh gur rinne sibh díospóireacht ar shaincheist na ngascheall, na ngascheall suthach agus an cheist ar chóir iad a úsáid. Ach ansin rinne sibh díospóireacht faoin fhianaise eolaíochta fosta agus an leor í chun dula ar aghaidh leis an triail chliniciúil. Sin an rud ar ar bhunaigh an coiste a chinneadh.

Sula gcuireann sibh an fhoirm aiseolais i gcrích, ba mhaith liom fiafraí díbh cad é a shíl sibh faoin phróiseas seo.

I dtús báire, an bhfuil rud ar bith le rá ag duine ar bith agaibh faoi na beathaisnéisí?

An ndearna sibh taighde ar an charachtar a tugadh daoibh chun cúlra eolaíochta a fháil amach faoi? Nó nach ndearna sibh ach an leathanach beathaisnéise a léamh? (Lámha in airde) Cá háit a fuair sibh eolas breise?

An bhfuil rud ar bith le rá ag duine ar bith faoina bheathaisnéis féin?

Dar libh, ar éirigh an cinneadh níos fusa leis an díospóireacht?

An raibh oraibh dul i muinín bhur ndearcaidh féin ar an ábhar?

An raibh mothúchán ann a bhaineann le rannpháirtíocht i dtríail chliniciúil a chuir míshuaimhneas oraibh?

Ar chuir duine ar bith amhras ar úsáid daoine mar mhuca ghuine?

An raibh rud ar bith eile a ba chóir a rá maidir leis an ghnáthdhuine a bhfuil suim aige ann? Níos mó faoin bhrabús, nó imní faoin airgead a ghnóthófaí, an athródh sin bhur ndearcadh? Nó, dar libh go raibh bhur gceart le déanamh agaibh mar a scríobhadh é?

Tá sé suimiúil go bhfuil roinnt comhlachtaí ann nach bhfuil ag iarraidh teiripí ceallacha a fhorbairt ar son na heitice, nó ar son na daonnúlachta fiú. B'fhéidir go bhfuil siad á dhéanamh faoi choinne an airgid.

An bhfuil ceist ag duine ar bith agaibh faoin eolaíocht? Faoi bheith i d'eolaí? Faoin iomaíocht idirnáisiúnta idir shaotharlanna?

Féadann eolaithe fáil amach cad é atá eolaithe i dtíortha eile a dhéanamh. Ach beidh mórtas agus iomaíocht idir thíortha ann choíche. Bhí cás an eolaí Chóiréigh a bhí i bhfad níos faide ar aghaidh ná duine ar bith eile, ná an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontathe, de réir cosúlachta. Bhí torthaí iontacha aige ach is é an deireadh a bhí air go raibh na sonraí bréagach. Mar sin tá an iomaíocht ann, ach tá an comhoibriú níos láidre ann, agus tá cumadóirí na Rólimeartha seo ina mbaill de chuibhreannas mór, EuroStemCell mar a bhfuil a lán saotharlann ina lán tíortha Eorpacha ag obair le chéile ar son leas an phobail. Tá siad ag roinnt eolais; tá dlúthchomhar leis an líonra Ceanadach gascheall agus an líonra Albanach gascheall fosta. Tá cuid mhór den obair comhoibriúch; comhroinnt sonraíochta an chuid is mó di. Tá beagán iomaíochta ann fosta.

Réidh nó a mhalairt? Rólimirt i dtaobh gaschealla a thabhairt chuig an chlinic

Nótaí Mioncheistithe don Éascaitheoir

Ceist fhéideartha ó dhalta: Ar tharla sé riamh gur cuireadh a leithéid de thriail chliniciúil faoi bhráid coiste áirithe agus ansin, ós rud é gur dhiúltaigh sé í, gur tugadh áit éigin eile í mar ar dúirt siad maith go leor?

Is dócha gur tharla, mar san Eoraip tá eagraíocht uile-Eorpach ann a rialaíonn trialacha cliniciúla ach ansin tá eagraíocht eile sna Stáit Aontaithe. Ní hionann dearcadh na nEorpach agus dearcadh na Meiriceánach maidir lena bhfuil inghlactha, agus mar sin is féidir le comhlacht a thrialach a thabhairt anonn chuig Meiriceá. Nó b'fhéidir gur níos gasta é, go gcinntear níos tapa i Meiriceá nó san Eoraip ar mhodh is go d'fhéadfadh comhlacht comhairle a chinneadh. Agus bheadh orthu togra a chur isteach ar aon nós. Dá raibh siad ag iarraidh ospidéal NHS nó othair in ospidéal NHS a úsáid, mar shampla, chaithfeadh na comhpháirtithe uilig a liostáil ar an togra, ní amháin an comhlacht ach na hospidéal agus na dochtúir go léir agus gach rud eile a bhaineann leis, agus ba chóir go n-aontódh gach aon duine leis. Mar sin, dá n-aistreofaí go tír eile í, bheadh gach aon rud a shocrú arís.

Rud eile le coinneáil i gcumhne is ea an fhéidearthacht. Is ollmhór an fhéidearthacht atá ag na suthanna seo, tá an fhéidearthacht acu éirí ina nduine, ach féidearthacht theoriciúil atá i gceist. Ach caithfear smaoineamh faoin fhéidearthacht nithiúil fosta. Cad é an fhéidearthacht nithiúil ag suth a cruthaíodh le toirchiú in vitro (IVF) – mar a gcruthaítear 10 suth, b'fhéidir, i saotharlann le cuidiú le lánúin a bhfuil sórt áirithe neamhthorthúileachta orthu? Féadann clinic roghnú scoth na suthanna seo a úsáid le hionchlannú chun go mbeidh leanbh ag an lánúin. B'fhéidir go mbeidh an lánúin sásta leis an chéad leanbh, nó le beirt nó triúr má éiríonn leis an ionchlannú agus le forbairt an fhéatais ina dhiaidh sin. Reoitear na cinn eile de ghnáth, mar fhéadfar na suthanna a úsáid níos déanaí má bhíonn an lánúin ag iarraidh ionchlannú a dhéanamh arís chun leanaí eile a bhreith níos faide ar aghaidh. Má chinneann an lánúin nár mhian leo leanaí eile a bhreith, thig leo a gcuid suthanna a bhronnadh ar lánúin eile nó ar an taighde eolaíochta. Cuireann sé anbhá ar thaighdeoirí gurb í an dramhaíl suthanna a shroicheann institiúidí taighde. Le scéal gearr a dhéanamh de, úsáideann na hothair scoth na suthanna; déanann an chlinic mórán suthanna, thart faoi 10 gcinn, mar tá an nós imeachta casta don bhean. Tugtar instealltaí láidre hormón di le tabhairt ar a corp roinnt ubhán a scaoileadh d'aon iarraidh, rud nach bhfuil normálta; ní amháin go gcuireann seo dua ar chorp agus ar shláinte na mná, tá sé costasach fosta. Nuair a dhéantar IVF, roghnaíonn na clinicí a oiread sin suthanna a dhéanamh chun go bhféadfaidh siad na suthanna is inmharthana sláintiúla a roghnú faoi choinne an ionchlannaithe.

De réir an dlí, níl cead ag eolaithe oibriú ach le suthanna daonna faoi bhun 14 lá d'aois. Ach baintear gaschealla as an bhlastaicist a cruthaíodh i gclinic nuair atá sí 5-7 lá d'aois. Ní cead na suthanna seo a úsáid thar na 14 lá, an t-am a chruthaíonn an bunstríoc. Ar chuala sibh riamh faoi sin? Sin an t-am a chruthaíonn 3 gheirmshraith i gcealla an tsutha agus tarlaíonn sin amach is isteach ar an 14ú lá. Ach sin an dlí, tá a lán díospóireacht ann go fóill faoin am a thosaíonn an bheatha.

Ní gá go bhfuil tú ar son na mbeo gan bhreith chun smaoineamh go bhfuil suth speisialta go leor nach cóir taighde a dhéanamh air. An rogha ag daoine atá ag déanamh IVF cad é a dhéanamh lena gcuid suthanna sa bhreis i ndiaidh na cóireála atá i gceist; murar mhian leo iad a úsáid. Thiocfadh leo iad a chur de lámh mar is beatha aonair é suth dar leo, nó thiocfadh leo iad a bhronnadh ar lánúin eile atá ag iarraidh leanbh a ghiniúint. Mar sin is iomaí rogha acu le smaoineamh fúthu, ní amháin iad a chaitheamh uathu nó a sheoladh chuig na heolaithe. Agus d'fhéadfadh na céadta fáthanna a bheith ann le comhairle áirithe a chinneadh. B'fhéidir go ndiúltódh duine don taighde ar ghaschealla ach ní gá gur ar son na mbeo gan bhreith atá sé. Má tá sé ag cruthú suthanna mar pháirt den IVF, is cosúil

Réidh nó a mhalairt? Rólimirt i dtaobh gaschealla a thabhairt chuig an chlinic

Nótaí Mioncheistithe don Éascaitheoir

nach gcreideann sé go dtosaíonn gach beatha ag an choimpeart mar a chreideann mórán díobh siúd atá ar son na mbeo gan bhreith.

An mbeifeá ar do shuaimhneas ag déanamh trialach ar shuth de do shuthanna féin?

Go raibh míle maith agaibh uilig. Sílim go raibh am maith againn agus bhí sé iontach suimiúil. Tá súil agam gur bhain sibhse sult as fosta agus sílim de réir na gceisteanna agus na díospóireachta gur fhoghlaim sibh rud éigin ón rólimirt seo. An bhfuil an ceart agam?

Ba é an cuspóir sibh a chur ag smaoineamh beagán faoi na ceisteanna seo ar mhodh spráúil. Bheadh an-suim ag na cumadóirí i bhur ndearcadh faoin rólimirt féin. An bhfuil rud ar bith a ba chóir a athrú dar libh, cén rud atá le feabhsú? Tá seoladh idirlín EuroStemCell agaibh sna nótaí. Tá fáilte roimh gach dearcadh –‘níor mhaith mé seo’ nó ‘sílim gur chór seo a bheith níos fearr’ nó ‘bhain mé an-sult as’. Má tá ionchur ar bith agat, ní féidir ach go bhfeabhsaíonn sé í. Bheadh sé iontach úsáideach.

Réidh nó a mhalairt? Rólimirt i dtaobh gaschealla a thabhairt chuig an chlinic

Buíochas



Mhaoinigh an MRC agus an ESRC an taighde a úsáideadh sa rólimirt seo, agus d'fhorbair REMEDI a thuilleadh é.



Ag:

Arna nuashonrú ag:



ARNA AISTRÍÚ AG SCIENTIX
(www.scientix.eu)



Ceadúnaíodh an saothar seo de réir Ceadúnais Creative Commons Attribution-NonCommercial-ShareAlike. Le cóip den cheadúnas seo a fheiceáil, tabhair cuairt ar <http://creativecommons.org/licenses/by-nc-sa/3.0/> nó cuir litir chuig Creative Commons, 444 Castro Street, Suite 900, Mountain View, California 94140, SAM.

Leathanach 4 ar 4
Nuashonrú is déanaí: 03 Lúnasa 2011